

TINTE  
NA FARRAIGE  
DUIBHE

TIM ARMSTRONG

ARNA AISTRÍÚ AG  
EOIN P. Ó MURCHÚ

  
LEABHAR  
BREAC

An Chéad Eagrán, 2020  
*Air Cuan Dubh Drilseach* © Tim Armstrong, 2013  
An t-aistriúchán seo, © Leabhar Breac, 2020

ISBN 978-1-913814-03-8

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí  
Pictiúr clúdaigh: Heather Brennan  
Clódóireacht: Clódóirí CL Print

Táimid buíoch de Cholmille as maoiniú a chur ar fáil don aistriúchán seo.



Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.



Foras na Gaeilge

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. [www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)

1. TREOLUAS ÉALAITHE	7
2. AN BEALACH DORCHA	29
3. SCÉAL AINMHÍ NA NOCHT GCOS	61
4. AN MISEAN	92
5. SEODA SA DORCHADAS	123
6. AN CAILÍN A TUGADH AS	150
7. I DTÍR AINEOIL	172

# 1

## TREOLUAS ÉALAITHE

“Tá sé sin craiceáilte. Níl seans ar bith go n-éireoidh leis.” Phrioc Sál an tine le maide. D’fhéach sé na spréacha ag éirí san aer i dtreo an phláinéid dheirg a líon an spéir os a gcionn.

“Fan go gcloisfidh tú an scéal ar fad,” arsa Ríosa. “Lean ort, a Shabhair.”

Bhain Sabhair gal as a thoitín. Leis an lámh eile, chaith sé cloch chruinn in airde san imtharraingt lag, agus ghlac de phlab ina bhois í. Bhí an triúr acu suite i gcorcal timpeall ar thine bheag: Sál, Ríosa agus Sabhair, é ina chlapsholas ar Roghail, an ghealach bheag ba bhaile dóibh. Go hard, bhí an pláinéad dearg, Na Hasta, ag breathnú anuas ar an triúr mar a bheadh súil mhór spéire ann.

Lig Sabhair sruth deataigh as a bhéal. Ghlac sé anáil eile, rinne casacht bheag agus thosaigh arís, “Tá sé an-simplí. Fuair mé scéala. Beidh an obair sa mhianach ag teacht chun deiridh an tseachtain seo agus tá an roicéad lastais deireanach le fágáil maidin amárach féin. Gnáthroicéad lastais a bheidh ann, ceann

féinstiúrtha ... gan foireann. Ní gá dúinn ach léimt ar bord — agus amach linn sa spás mar a bheadh piléar ann. Fágaimis an chloch shuarach seo inár ndiaidh sula bhfaighidh an chóilíneacht bás thart timpeall orainn.”

“Nach mbeidh an tslándáil ar an raon roicéad an-dian?” arsa Sál. “Ní éireodh libh dul thairsti.”

“Fágaigí cúrsaí slándála fúmsa,” agus chaith Sabhair smuga mór seile isteach sa tine.

“Agus cé sa diabhal a stiúrfaidh an roicéad, má éiríonn linn dul isteach ann ar chor ar bith ... tusa an ea?” a d’fhiafraigh Sál.

Bhain Sabhair gal eile as a thoitín agus theann sé a ghreim ar an gcloch, “Mhínigh mé é seo ar fad cheana. Roicéad féinstiúrtha a bheidh ann. Ní bheidh deacracht ag Ríosa an inchinn shaorga a dhíchumasú agus tabharfaidh an ríomhaire stiúrtha chuig an stáisiún spáis muid. Beidh deiseanna go leor sleamhnú isteach sa stáisiún féin nuair a thiocfaidh muid chomh fada leis. Ní bheidh aon súil acu go mbeidh duine ar bith ar bord, mar sin ní bheidh siad dár lorg.”

“Ó, togha uilig,” arsa Sál. “Ní fheicimse go mbeidh gá agaibh liomsa, mar sin. Is cuma liom má chuirtear ar ais isteach sa phríosún sibh nó má fhaigheann sibh bás amuigh sa spás, ach ó mo thaobhsa de, ní theastaíonn uaim baint ná páirt a bheith agam leis an tseafóid seo.”

Sheas Sabhair go tobann. “Bhfuil a fhios agat, a Sháil, is cladhaire thú. DJ dioscó.” Rinne sé gáire searbh. “Beidh tusa sáinnithe ar an gcloch seo go brách na breithe.”

“Teastaíonn uaimse fágáil chomh maith le duine ar bith,” arsa Sál gan breathnú ar Shabhair. “Ach ní ar an mbealach sin, agus ní leatsa.”

“A Sháil, gabh i leith.” Rug Ríosa greim ar a lámh. “Caithfidh tú teacht in éineacht linn. Ná fan go dtí an nóiméad deireanach. Is gearr nach mbeidh saol ar bith agat anseo.”

Sheas Sál agus tharraing sé a lámh ó ghreim Ríosa. Thiontaigh

sé ón tine chnámh agus bhreathnaigh amach ar an gcathair. Bhíodar ar mhullach cnoic amuigh san fhásach, achar beag taobh amuigh de phríomhchathair na cóilíneachta. Bhí soilse geala na cathrach ina loinnir ar bhrat dubh an fhásaigh fúthu.

Nach brónach an radharc é, a smaoinigh Sál. Tógadh an triúr acu ar an ngealach seo, sa chathair sin thíos, ach bhí leath na cathrach tréigthe anois, agus na daoine a bhí fágtha, bhíodar ag déanamh tréaniarrachta é a fhágáil chomh luath agus ab fhéidir, sula dtitfeadh an chóilíneacht ar fad as a chéile ina raic ainrialach. Ach ní raibh sé chomh héasca sin. Bhí praghas na dticéad i bhfad ró-ard agus ba bheag duine a bhí fágtha a raibh dóthain airgid acu le héalú.

“Seo, gabh i leith uait, a Sháil.” Rinne Sabhair iarracht gáire geal a dhéanamh. “Beidh gá leat, gan amhras.” Bhain sé gal mhór as a thoitín. “Sé an chaoi a bhfuil sé, ní éireoidh liom an tslándáil a chur ó mhaith, tuigeann tú, gan méarlorg duine éigin atá glan, duine éigin nach bhfuil a chuid sonraí ag na póilíní.”

“Ó, tuigim anois thú,” agus lig Sál osna.

“A Shabhair!” bhí Ríosa ina seasamh anois. Chas sí chuig Sál, “Ní mar sin atá sé ar chor ar bith, a Sháil. Caithfidh tú teacht linn. Táimse *ag iarraidh* go dtiocfaidh tú in éineacht linn.”

“Mar sin atá sé, gan amhras!” arsa Sabhair. “Tarlaíonn go bhfuil tú úsáideach dúinn agus má tá splanc céille ar bith ionat tapóidh tú an deis agus í agat.”

“Ní hea in aon chor!” arsa Ríosa agus í ag siúl timpeall na tine i dtreo Shabhair.

“Ná cuir do chuid cainte amú, a Ríosa.” Chas Sál ar ais chun na tine. Bhí Sabhair agus Ríosa ar aghaidh a chéile anois agus amharc dubh á thabhairt ag an mbeirt ar a chéile. Ní raibh Ríosa ach leath chomh hard le Sabhair ach bhí a lámha fáiscthe ina ndoirne lena taobh aici. “Ná bac leis, a Ríosa,” arsa Sál arís. “Tuigim cúrsaí anois, ní rachainn leis an dearg-amadán sin pé scéal é. Ná bac leis.”

“Sea, *ná bac leis*,” arsa Sabhair. “Is léir gur cladhaire thú, a Sháil, agus is maith a bheidh sé tuillte agat buinneach dhearg an bháis a chac asat ar an ngealach shuarach seo.” Chaith sé an chloch amach sa dorchadas agus shiúil sé leis go sciobtha, síos an learg ghéar i dtreo na cathrach.

“A Shabhair, in ainm Dé, tar ar ais,” a ghlaoigh Ríosa ina dhiaidh ach freagra ní bhfuair sí.

Chualadar trost Shabhair ar ghaineamh an bhóthair agus ansin thit ciúnas ar an oíche. Bhí an tine ag cnagarnach léi go fóill, spréacha á ligean chun na spéire aici.

“Tá sé ina chac agat anois,” arsa Ríosa agus lig osna. “Ní raibh sin stuama.”

“Cad a rinne mise?”

“Bhuel, níl críochnaithe aige sin leatsa go fóill,” arsa Ríosa. “Tá eagla orm, a mhic ó, nach bhfaca tú a dheireadh go fóill. Íocfaidh tú as.” D’fhéach Ríosa agus Sál ar Shabhair ag imeacht uathu, agus nuair a d’imigh sé as radharc, thosaíodar féin ar an mbóthar, iad ag imeacht tríd an meathdhorchadas ar ais chuig an gcathair.

Bhí an tine chnámh thart ar thrí chiliméadar ón gcathair agus shiúladar an chuid is mó den tslí ar ais gan focal eatarthu. Bhí an oíche meirbh fós agus bhí tormán na cathrach le cloisteáil i bhfad ar shiúl. Duine dainséarach é Sabhair, a smaoinigh Sál, agus chuir sé eagla air go raibh Ríosa ag coinneáil a chomhludair go fóill. D’fhéach sé síos ar Ríosa lena thaobh fad a bhíodar ag siúl. Bhí sí gléasta i seanchulaith spáis dhubh a bhí teann ar a colainn, rud a chuir cuma sheang shlachtmhar uirthi. Ach ní raibh Sál meallta aici. Bhí sí beag agus leochaileach i gcónaí. Ansin chuimhnigh sé ar a cuid oibre.

Bhí Ríosa ag reic drugaí sna clubanna oíche agus ba é Sabhair a bhí á soláthar, é mar shaoiste aici ar bhealach. Bhí Sál ag obair mar DJ sna clubanna céanna, agus ba mhinic a d’fheiceadh sé an foréigean a bhain leis an saol sin. Bhí Ríosa sáite i gceartlár

gach ruda. Ba chuma leis cad a dhéanadh sí chun a cuid a shaothrú, ach na daoine a raibh lámh acu sa saol sin bhí siad contúirteach, éigialta. Agus bhí Sabhair i measc an dreama ba mheasa acu.

Ach cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh? Ba gheall le deartháir le Ríosa é Sál. Bhí aithne acu ar a chéile ó bhíodar an-óg; ba ar an tsráid chéanna gar don mhianach a tógadh iad. Bhí cónaí orthu le chéile anois, an bheirt acu in árasán beag i lár na cathrach. Ó am go ham, agus iad fós ina ndéagóirí, ba leannáin iad, ach níor mhair sé sin i bhfad riamh. Bhídís ag argóint agus bhídís in adharca a chéile. Iad le chéile lá amháin agus scartha an chéad lá eile, bhíodar ann agus as, arís agus arís, agus faoi dheireadh thiar, rinneadar socrú de chineál. Anois, agus le fada, ba dhlúthchairde iad agus b'in an méid. Fuair Sál amach go luath nach bhféadfadh sé rud ar bith a rá le Ríosa. Bhuel, d'fhéadfadh sé a rogha ruda a rá léi, ceart go leor, ach ní éistfeadh sí leis.

Ach níor chóir dósan a bheith ag seanmóireacht pé scéal é. Bhí seisean gafa sa domhan céanna, nach mór — na clubanna céanna, an saol céanna. Ach DJ maith a bhí ann, bhí a fhios aige sin, agus ba é sin an t-aon dóchas a bhí aige. Bhí na clubanna gnóthach go fóill beag, cé go raibh an chuid eile den chathair bánaithe. Daoine óga a bhí fágtha den chuid ba mhó toisc gurbh iad an dream ba bhoichte. Theastaigh uathu éalú ón gcruachás ina raibh siad, agus bhí a ndúil sa damhsa agus sa spraoi istoíche ag éirí níos tréine de shíor, agus bhí Sál ag baint clú amach dó féin ag casadh na gceirníní dóibh.

Dá dtabharfadh duine éigin ón taobh amuigh aird air, duine éigin ó na clubanna móra ar cheann de na stáisiúin spáis, cuir i gcás, b'in an bealach ab fhearr a bheadh aige imeacht ón gcloch seo, i bhfad níos fearr ná síob mhídhleathach a ghlacadh ar roicéad lastais in éineacht leis an ngamal sin, Sabhair. Chaithfeadh sé labhairt le Ríosa, ní raibh a fhios aige conas, ach chaithfeadh sí é a thuiscint, chaithfeadh sí é a chreidiúint. D'imeoidís ón



ngealach seo ar bhealach éigin eile, d'imeoidís ó Roghail. Ní raibh i bplean Shabhair ach lámh a chur ina mbás féin.

Shroich siad na ráillí ar imeall na cathrach agus stad siad ag an bhfál ard a sheas idir an chathair agus an fásach. D'fhéach Ríosa suas ar Shál agus bhí miongháire ar a haghaidh aici. Lonraigh solas dearg an phláinéid mhóir ina súile. “An bhfeicfidh mé ag an gclub thú?”

“Feicfidh, cinnte,” ar seisean. “Caithfidh mé ceirníní a fháil ón árasán ach ní bheidh mé i bhfad.” D'fhéach sé uirthi agus í ag dreapadh thar na bhfál agus ag imeacht isteach sa chathair i dtreo an chlub. Caithfidh mé labhairt léi, a dúirt sé leis féin arís. Léim sé thar an gclái ansin agus thosaigh ag imeacht síos an bóthar i dtreo an árasáin.

Bhí an bóthar lasta ag solas na bhfógraí neoin a bhí ar crochadh ó shreanga idir na foirgnimh arda. Bhíodar ar siúl i gcónaí agus iad ag caochaíl leo, cé go raibh na siopaí a bhí á bhfógairt acu dúnta anois. Bhí Sál faichilleach agus é ag gluaiseacht trí na sráideanna folmha. Bhí sé rud beag níos lú ná an gnáthduine ar Roghail agus bhíodh sé cúramach agus é amuigh ar na sráideanna istoíche. Ó thaobh a mhéide de, bhí Sabhair ar nós an tromlaigh, ach ba de sheansliocht a bhain leis an ngealach é, sliocht a d'fhás ard san imtharraingt lag leis na céadta bliain anuas, ach ba go gairid sular rugadh é a tháinig tuismitheoirí Sháil go Roghail, as pláinéad a bhí i bhfad ar shiúl, agus mar sin, cosúil le Ríosa, bhí sé beagán níos lú. Bhí sé gléasta mar ba nós leis, gruaig bearrtha go gearr agus éadaí loma dubha. Ní raibh aon chuma air gur duine saibhir a bhí ann. Ní shílfeadh éinne go raibh rud ar bith luachmhar á iompar aige, rud ar bith ab fhiú a ghoid, ach fós féin, bhí an ghadaíocht agus an choiriúlacht ag éirí níos coitianta, lá i ndiaidh lae, i gceantracha tréigthe na cathrach go háirithe, agus shiúil Sál leis go sciobtha nó gur shroich sé a shráid féin.

Bhí an t-árasán ar an dara hurlár i bhfoirgneamh beag ar shráid

tráchtála ar imeall na cathrach. Nuair a bhog sé féin agus Ríosa isteach ann roinnt blianta roimhe sin, bhíodh an bóthar os comhair an fhoirgnimh dubh le daoine agus callánach go maidin, ach anocht, níor léir do Shál faic ar an tsráid ach gaineamh odharbhuí á shéideadh thart sa ghaoth. Sna seanlaethanta, thaitníodh sé le Sál breathnú anuas ón árasán ar na daoine ag dul thart san oíche; agus ar maidin, bhí taobh eile an árasáin ar aghaidh an fhásaigh amach, agus ón gcistin d'fheicfeadh sé an ghrian oráiste ag éirí trí dheannach an fhásaigh. Chuir sé brón air, é ag dul suas staighre agus é ag cuimhneamh siar ar chomh sona a bhí siad ar dtús, é féin agus Ríosa, mar a bheadh seanlánúin phósta. Bhí an saol sin ag sleamhnú uathu anois agus ní fhéadfadh sé greim a choinneáil air.

Shroich sé an dara hurlár agus chomh luath is a d'oscail sé doras an árasáin bhí a fhios aige go raibh rud éigin as alt. Sheas sé ansin ar feadh nóiméid, ach gíog níor chuala sé. Ar deireadh, chuaigh sé isteach agus dhún an doras go socair taobh thiar de. Bhraith sé bréantas searbh tréan ina phollairí, boladh nár aithin sé. Thosaigh sé ag siúl síos an halla cúng i lár an árasáin agus a luaithe a d'éirigh a shúile cleachta leis an dorchadas, thug sé faoi deara go raibh solas ag lonrú faoi dhoras na cistine. Stad sé. Bhí sé cinnte nár fhág sé an solas lasta nuair a chuaigh sé chuig an tine chnámh ní ba luaithe.

Bhí allas ar bhosa a lámh anois agus rinne sé iarracht smacht a choinneáil ar a anáil. Bhí saothar air tar éis dó siúl chuig an árasán agus an staighre a dhreapadh, ach anois bhí ciúnas uafásach i lár an árasáin, agus bhí sé cinnte go gcloisfí sa chistin go raibh sé ann. Caithfidh gur Sabhair a bhí ann, a cheap sé, ach cén chaoi ar tháinig sé isteach? Bhí an t-árasán faoi ghlas. Ar thug Ríosa eochair dó? Ní fheadar cad a dhéanfaidh Sabhair dá mbeadh an fraoch feirge sin air fós? Ba dhuine dainséarach é gan amhras. Tháinig náire air ansin. Cén fáth a raibh eagla air roimh an leibide úd ar aon nós? Tá sé seo amaideach, a shíl sé. Lig sé anáil agus thosaigh sé ag siúl síos an pasáiste arís.

D'oscail sé an doras agus bhuail isteach sa chistin go dána, ach baineadh stangadh as nuair a chonaic sé a raibh roimhe. I lár na cistine, ina shuí ag an mbord, bhí póilín, agus ar nós gach póilín eile sa chóilíneacht, leathchrogall a bhí ann. I ngan fhios dó féin, ghlac Sál céim siar. Leathchrogall mór gránna a bhí san fhear seo, é gléasta i gculaith chatha lonrach dhubh, agus leath an tseomra líonta aige. Ina lámh ghlas lannach bhí piostal plasma dírithe aige ar Shál, agus bhí a lámh eile ar bheartán donn páipéir ar an mbord. Luigh a shúile beaga dearga ar Shál, gan rian cineáltachta dá laghad iontu.

Bhí aithne ag Sál air. Bhí trácht cloiste aige air. An Sáirsint Raithdead. Bhí fíor-dhrochchlú air. Ghabh sé Ríosa babhta amháin agus drugaí ina seilbh aici, agus ba rud gráiniúil santach é, dar le Ríosa ar aon nós. Bhí an fórsa póilíneachta ar fad cam anois agus iad ag maireachtáil ar an dúmhál, an dream a bhí fágtha díobh. Ba mhaith a chuimhnigh Sál ar an oíche a tháinig Ríosa ar ais ó stáisiún na bpóilíní. Súile dubha uirthi agus fuil thirim ar a léine tar éis dóibh léasadh ceart a thabhairt di. D'fhiafraigh sé di cad a tharla ach ba léir go raibh sí sceimhlithe, agus ní labhródh sí air.

D'oscail an sáirsint a bhéal mór, é lán fiacla buí, agus rinne miongháire. “Ná corraigh oiread is méar, a Sháil.” Léim Sál arís amhail is dá mbeadh duine éigin tar éis buille a tharraingt air. Bhí a ainm ar eolas ag an sáirsint! Bhí Sál ar steillchrith. Ansin rith sé leis go ndéanfadh an focar seo a dtogródh sé. Ní bheadh a fhios ag éinne. Dá maródh sé mé, a smaoinigh Sál, rachainn as radharc ar fad, díreach mar sin. Ní dhéanfaidís cuardach agus ní déarfadh éinne smid, ar eagla go dtarlódh an rud céanna dóibh féin. Bhí bréantas uafásach ag teacht ó bhéal an leathchrogaill, boladh mar a bheadh feoil ag fíniú ann, agus ba bheag nár chuir Sál amach. Bhí an t-allas ina shlaoda leis anois.

“Tar isteach, a mhaicín,” agus d'fháiltigh an sáirsint isteach roimhe lena phiostal. “Ná bí cúthail.”

Ghlac Sál dhá chéim bheaga isteach sa seomra.

“Bhuel anois,” arsa an sáirsint de ghéire beag garbh. “Abair liom, a Sháil, cad atá againn anseo?” Stróic sé an beart lena ingne fada géara agus dhoirt slám piollaí ar an mbord. Chlúdaigh na piollaí an bord agus thit cuid acu, iad ag preabarnach ar an urlár. Bhí cloigeann Sháil ag éirí éadrom agus chuir sé a lámh leis an mballa mar thaca. Rinne sé iarracht ar labhairt.

“Ní ... níl ... ní liomsa.” Bhí a ghuth fann, creathach.

“A Sháil, a mhaicín,” bhí guth an leathchrogaill garbh agus íseal, mar a bheadh toirneach ann, “ná bíodh buairt ort. Ní tusa atá uaim in aon chor.” Rinne an sáirsint géire beag eile. “Anois, cá’íl do chailín, í siúd leis an aghaidh bheag álainn. Cá’íl Ríosa?”

Rinne Sál ar an doras de léim ach bhí an sáirsint réidh agus rósciobtha dó. D’éirigh an sáirsint ar a dhá chois, agus chaith an bord roimhe ar an urlár. Lasc eireaball an leathchrogaill Sál mar a bheadh camán á bhualadh ina chliathán agus caitheadh Sál de phleist ard in éadan an bhalla ag taobh eile an tseomra. Chuaigh arraing tríd agus bhraith sé an mhúisc ina bhéal. Ní fhéadfadh sé a anáil a tharraingt. Thosaigh sé ag urlacan ar an urlár, é á thachtadh ag a chuid aisig féin. Bhí sé fós ag streachailt lena anáil nuair a chuala sé an sáirsint ag teannadh leis arís.

“A Sháil, a Sháil, tá díomá orm. Bhí mé ag súil go mbeifeá níos ciallmhaire ná seo.” Thosaigh an sáirsint ag gluaiseacht timpeall na cistine. Chuala Sál an sáirsint ag ransú na gcófraí ar lorg rud éigin. Cad a bhí uaidh? Scian? Ní fhéadfadh Sál feiscint i gceart. Bhí fuil ina shúile. Tháinig alltacht air. Bhí an seomra chomh te sin agus d’fhág boladh an aisig agus boladh an leathchrogaill breoite gan fuinneamh é, ach tháinig leoithne ghaoithe tríd an bhfuinneog os a chionn a thug beagán nirt dó. Bhí an sáirsint ag ransú agus ag cuardach na cistine go fóill.

“A Sháil, is fuath liom iompar mar seo.” Bhí an sáirsint ag teannadh leis arís. “Inis dom cá háit a dtiocfaidh mé ar Ríosa, agus ní bheidh orm do chuid méar a chur in aithne don chasúr seo.”

Sheas Sál go tobann, agus gan cuimhneamh air, léim sé caol díreach amach tríd an bhfuinneog. Ar feadh leathshoicind bhí sé ag titim tríd an aer fionnuar; an chéad rud eile, bhuail sé an gaineamh ag bun an fhoirgnimh. Ní bog a bhí sé ach chomh crua le suimint agus baineadh a anáil de Shál arís, ach an uair seo bhí sé ina sheasamh arís ar an toirt, agus é ag teitheadh leis ar lánluas ón árasán, amach san fhásach agus dorchadas na hoíche. Níor fhéach sé siar ach chuala sé an sáirsint ag screadaíl leis.

“Cá’il tú ag goil, a Sháil?” Bhí an leathchrogall ag gáire in ard a chinn. “Cá háit a rachaidh tú i bhfolach ar an ngealach bheag bhuí seo againn, a Sháil? Cá’il tú ag rith?”

Bhí Sál cuid mhór chun tosaigh ar an sáirsint. Ní éireodh leis an sáirsint teacht tríd an bhfuinneog — bhí sé i bhfad rómhór. Bheadh air dul amach ar thosach an fhoirgnimh, dul tamall maith síos an tsráid agus ansin timpeall arís. Ní raibh carr póilíní feicthe ag Sál ar an tsráid nuair a tháinig sé isteach ní ba luaithe. Caithfidh gur tháinig an sáirsint de shiúl na gcos. Lean Sál air ag rith amach san oíche.

Ní raibh a fhios aige cá raibh sé ag dul ach ba leor go raibh sé ag dul níos faide ar shiúl ón Sáirsint Raithdead. Bhí sé fós deacair air feiceáil i gceart agus rinne sé iarracht an fhuil a chuimilt dá shúile agus é ag rith. Ní raibh an oiread sin ann, caithfidh nach raibh an chréacht rómhór, mar sin. Bhí an t-ádh dearg leis, ba chosúil. Shábháil an imtharraingt lag a bheatha nuair a léim sé tríd an bhfuinneog. Bhí breis is tríocha troigh idir an talamh agus an t-árasán ach ní raibh cnámh briste aige, chomh fada lena eolas. Ach ní mhairfeadh an t-ádh dearg mórán níos faide. Bhí an ceart ag Raithdead. Ní fhéadfadh sé fanacht i bhfolach rófhada ar an ngealach bheag seo, agus níorbh fhada go mbeadh an fórsa póilíneachta ar fad ar a thóir.

Bhraith sé mar a bheadh sé á thachtadh arís. Ní raibh bealach éalaithe le feiceáil as an gcruachás. Ghabhfaidís é ar deireadh thiar, ní raibh amhras ar bith ann nach ngabhfaidh, agus b’in

deireadh lena shaol, gach dóchas a bhí aige — conradh a fháil le club mór, éalú ón ngealach seo, taisteal trí na spéartha agus clú a bhaint amach dó féin mar DJ — gach dóchas aige ina ghal soip. Bhí deora lena shúile anois. Bhí doirse an tsaoil uile á ndúnadh ina thimpeall. Agus Ríosa bhocht. B’in an rud ba mheasa ar fad. Bhí sé dona go leor dó féin, ach ar a laghad ní raibh taifead coiriúil leis na póilíní aige. Bheadh sé i bhfad ní ba mheasa do Ríosa. Shlogfadh an príosún í. Chaillfeadh sé í. Gheobhadh sí bás ann, seans. Bhí an oíche ag éirí ní b’fhionnuaire ach bhí a aghaidh te agus na sreabha deor leis. Bhí blas goirt fola ina bhéal agus mhothaigh sé a chroí ina scornach agus é ag rith níos faide agus níos faide ó sholas na cathrach.

D’fhéach sé in airde ar na réaltaí agus ar fhíor na spéire. Bhí an gaineamhlach ag oscailt amach roimhe agus chonaic sé solas an raoin roicéad beagán ó dheas ón áit ar a raibh sé ag díriú. Bhí a n-árasán ar an taobh den chathair ba chongaraí don raon roicéad agus chuimhnigh Sál ar an tslí a mbíodh sé ag breathnú trí fhuinneog na cistine ar na roicéid ag éirí ó thalamh ann. Nuair a bhíodh an mianach fós gnóthach, chuirte roicéad nó dhó aníos ón gcóilíneacht gach maidin, agus thaitníodh sé leis suí ag bord na cistine, cupán caife ina lámh, agus breathnú amach tríd an bhfuinneog ar na roicéid ag loscadh trí spéir ghorm an mhaidneachain. Bhí an raon fada go leor ar shiúl, thart faoi dheich gciliméadar, sa tslí is go mbíodh roinnt soicindí ann sula dtiocfadh an torann, agus ansin mar a bheadh buama ag pléascadh, chroitheadh an bhleist an foirgneamh.

Thug sé faoi deara ansin nach raibh aon bhealach eile ann anois. Bhraith sé tinn ag smaoineamh air, ach ní raibh an dara rogha aige. Ní raibh ach an t-aon bhóthar amháin fágtha aige a thabharfadh é féin agus Ríosa slán. Stad sé taobh le cachtas mór, agus lorg sé a fhón póca.

“A Ríosa, an gcloiseann tú mé? Mé féin atá ann, Sál ... sea, tá a fhios agam, táim déanach ... tá a fhios agam, ní bheidh mé

ann.” Bhí sé fíordheacair Ríosa a chloisteáil os cionn ghleo an chlub.

“A Ríosa,” a scread sé leis an bhfón, “éist liom.” Agus ansin, shlog sé a anáil. “Déanfaidh mé é. Rachaidh mé in éineacht libh ... rachaidh ... ach caithfidh imeacht láithreach ... anois féin. Tá a fhios agam.” Bhí sí ag argóint leis anois ach bhí sé róchontúirteach labhairt faoi ar an bhfón.

“Ní féidir liom é a mhíniú anois ... sea ... feicfidh mé ag an raon thú, a luaithe agus is féidir leat ... ach éist liom ... sea, ach éist ... tá sé ríthábhachtach. Cibé rud a dhéanfaidh tú: ná téigh abhaile!”

Dhún sé an fón. Bhí an fhuaim sa chlub uafásach ard ach bhí sé ag súil gur thuig sí é. Ní dúirt sé mórán agus níor mhínigh sé di ar tharla ag an árasán. Agus Raithdead ar a dtóir, bhí Sál ag ceapadh nach mbeadh sé sábháilte teagmháil a dhéanamh ar an bhfón a thuilleadh. Ach bhí gliceas thar na bearta i Ríosa. Dá ndéarfadh sé léi gan dul abhaile, thuigfeadh sí go raibh rud éigin go mór as alt, go raibh baol ann. Bhuel, bhí sé ag súil go dtuigfeadh, ar aon nós. Chas sé ó dheas agus thosaigh ag rith arís. Bhí achar fada roimhe fós.

\* \* \*

Bhí an raon roicéad ní b'fhaide ar shiúl ná mar ba chuimhin leis, agus fiú le cabhair ón imtharraingt lag, ghlac sé breis is uair an chloig air rith ann. Chrom sé síos taobh thiar de charraig mhór a bhí díreach taobh amuigh den chlaí slándála leictrithe a sheas go hard timpeall an raoin. D'fhéach sé in airde ar an roicéad. Bhí sé ollmhór. Roicéad lastais a bhí ann agus bhí trí aonad ann. An chéad aonad, ba threiseoir roicéid é agus b'in an chuid ba mhó de. Bhrúfadh an chuid sin an roicéad amach ó imtharraingt na gealaí agus thiocfadh an treiseoir ar ais chun talaimh ansin le go n-úsáidfí arís é. An dara haonad, a bhí níos lú, ach é mór fós

féin, ba é sin an áit a gcoinnítí an lastas agus a n-íompraítí toradh an mhianaigh. Agus faoi dheireadh, i bhfad thuas, bhí an t-aonad stiúrtha, mar a bheadh bior ar choinneal mhór. Ba ansiúd a bhí na ríomhairí cúltaca agus intinn féin an roicéid a bheadh á stiúradh chun a cheann scríbe, agus ba ansiúd a rachaidís i bhfolach. B’in an plean ar a laghad.

Níorbh fhada gur tháinig an bheirt eile. Chonaic Sál iad ag teacht faoina dhéin agus sméid orthu go socair. Chonaic sé Ríosa ar dtús agus ar feadh nóiméid bhí sé ag ceapadh gur fhág sí Sabhair ina diaidh, ach ansin chonaic sé cruth ard cnámhach ag teacht ina threo freisin.

Lig Ríosa cnead nuair a chonaic sí Sál, “Cad sa diabhal a tharla duit, a Sháil? Chríost. Agus cén fáth nár chóir dom dul abhaile? Bhfuil tú i gceart?” Leag sí a lámh ar a ghaidh.

Tháinig Sabhair ansin. “Uaú, a Sháil, nach tusa an feic. Ar thug an madra fút? Tá cuma an-gharbh ort, a bhuachaill.”

“Éist do bhéal, a Shabhair.” Le himeacht gach nóiméad bhí Sabhair ag cur isteach ar Shál níos mó agus níos mó, ach béigean dó géilleadh, bhí sé de dhíth orthu. Ní raibh tuairim dá laghad ag Sál conas mar a rachaidís thar an bhfál leictreach. “Conas a rachaimid chuig an roicéad mar sin?”

“Hé, cén deifir atá ort? Tóg bog é, a dhuine.” Las Sabhair toitín eile agus rinne casacht. “Tá an geata timpeall anseo. Fad is atá lorg glan do mhéire-se againn is mo chuidse scileanna, seachnóimid an tslándáil gan stró.”

D’fhéach Ríosa ar Shál arís agus ansin leanadar Sabhair, gan focal eatarthu. Bhí mála droma mór ar Shabhair agus culaith spáis nua ghorm air, ach ba léir gur tháinig Ríosa díreach ón gclub. Bhí sí ina seanchulaith spáis dhubh fós agus drithlí ag maisiú a cuid gruaige. Chaith Ríosa an tseanchulaith de bhrí gur thaitin an chuma léi, ar son an fhaisin, ach bhí an chulaith chomh sean sin gur shíl Sál nach raibh sí aerdhíonach ná feidhmiúil a thuilleadh. Thug Sál faoi deara ansin go raibh a



chuid éadaí sráide air féin go fóill, agus go raibh siad sin smeartha le fuil agus urlacan. Bheadh sé ag taisteal timpeall an spáis i mbriste géine agus t-léine, ach ní fhéadfadh sé tada a dhéanamh faoi anois, agus ní raibh culaith spáis aige pé scéal é.

Ag an ngeata, bhrúigh Sál a chorrmhéar le scáileán beag agus chuir Sabhair cód isteach agus, ar an bpointe, osclaíodh an glas. “Breathnaigh,” arsa Sabhair. “Mar a gheall mé. Ní bheidh ach fear faire nó dhó ann anois agus iad fós ina gcodladh, táim cinnte de. Lorgóimid bealach isteach sa roicéad anseo.”

Leanadar Sabhair isteach faoin roicéad agus d’aimsíodar haiste beag i measc na n-inneall mór toirtiúil ag a bhonn. Chuir sé eagla ar Shál a bheith chomh gar sin do ghléasanna fíorchontúirteacha mar iad. Dá mbeadh dul amú ar Shabhair, agus dá lasfadh na hinnill sin fad a bhíodar faoin roicéad.... Chuaigh creathán trí Shál agus é díreach ag smaoineamh air. Ach bhí an haiste ar oscailt, mar a raibh súil ag Sabhair leis, agus dhreapadar isteach, Ríosa, Sál, agus Sabhair ar chúl. Shín an tollán rochtana suas díreach trí lár an roicéid, agus dréimire beag ar thaobh amháin. Thosaigh Sál ag dreapadh. Chuala sé Sabhair ag cur glas ar an haiste taobh thiar de, agus láithreach bonn, bhí an tollán chomh dubh le pic.

Ba gheall le huair an chloig a chaith siad ag dreapadh leo in airde sula ndeachaigh siad trí haiste beag eile idir an chéad aonad agus an dara haonad, agus ansin dhreapadar píosa fada eile arís tríd an roinn lastais. Faoi dheireadh, arsa Ríosa de chogar, “Stadaigí.” Chuala Sál útamáil mar a bheadh Ríosa ag lorg rud éigin ina póca, agus ansin labhair sí i gcogar leo arís, “Táimid ag haiste an tseomra stiúrtha. Rachaidh mise isteach. Caithfidh mé intinn an roicéid a dhíchumasú go han-sciobtha. Ná tagaigí isteach go n-iarrfaidh mé oraibh.”

Chuala Sál torann Ríosa ar a bealach isteach tríd an haiste agus ansin ciúnas. Bhí anáil gharbh Shabhair taobh thiar de, ach b’in an méid. Bhí an roicéad chomh ciúin le folús an spáis. Ghlac